**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*
*An Cathaoirleach*

21.11.2024

Mr Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg — EGF/2024/002 BE/Limburg machinery and paper (2024/0286(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, tá iarrtha ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste agus chinn sé an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 21 Samhain 2024. Ag an gcruinniú sin, chinn sé an tuairim a leagtar amach thíos a chur faoi bhráid an Choiste um Buiséid, mar an coiste freagrach.

Le dea-mhéin,

Li Andersson

## TUAIRIM

A. de bhrí, an 19 Iúil 2024, gur chuir an Bheilg iarratas isteach ar ranníocaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691 (an Rialachán CED), i leith iomarcaíochtaí oibrithe a rinneadh sna hearnálacha eacnamaíocha a aicmítear faoi rannán 17 de NACE Athbhreithniú 2 (Monarú páipéir agus táirgí páipéir) agus rannán 28 de NACE Athbhreithniú 2 (Monarú innealra agus trealaimh) i réigiún NUTS 2 Provincie Limburg (BE22) sa Bheilg;

B. de bhrí gur chuir an Bheilg an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (c) de Rialachán CED, lena n-éilítear go scoirfear gníomhaíochtaí 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn tréimhse thagartha 4 mhí (sa chás seo ón 31 Nollaig 2023 go dtí an 30 Aibreán 2024) i bhfiontair atá ag oibriú sna hearnálacha eacnamaíocha céanna nó in earnálacha eacnamaíocha éagsúla arna sainiú ar leibhéal NACE Athbhreithniú 2 agus atá lonnaithe sa réigiún céanna arna sainiú ar an leibhéal NUTS 2 i mBallstát; de bhrí, tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme de Rialachán CED, go gcomhlíontar na coinníollacha chun ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED;

C. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 681 oibrí iomarcacha (tairbhithe incháilithe) a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht sna hearnálacha eacnamaíocha a léirítear thuas;

D. de bhrí, an 5 Samhain 2024, gur ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh i bhfabhar na Beilge chun tacú le hathlánpháirtiú 632 thairbhí spriocdhírithe sa mhargadh saothair;

E. de bhrí gurb é cinneadh a rinne Sappi Group (Sappi) stop a chur le táirgeadh in Lanaken agus an gléasra a dhúnadh na teagmhais is cúis leis an iomarcaíocht in earnáil an pháipéir; de bhrí gurb é is príomhchúis leis sin ná an laghdú atá ag teacht ar an éileamh ar tháirgí grafaicí mar thoradh ar dhigitiú méadaithe agus an ró-acmhainneacht mhéadaitheach thionscal páipéir bhrataithe saor ó adhmad (WCP) na hEorpa atá ann dá bharr (laistigh de 15 bliana, tá laghdú 50 % tagtha ar acmhainneacht Thionscal WCP na hEorpa, go 4.6 milliún tonna in 2023); de bhrí gur dífhostaíodh 567 nduine mar thoradh air sin;

F. de bhrí gur tháinig laghdú 15 % ar líon na bpost tionsclaíoch a bhí ar fáil in Limburg in 2023, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin; de bhrí gurb é cinneadh a rinne Purmo Group Belgium NV (Purmo) stop a chur le táirgeadh radaitheoirí painéil 50 mm ina ghléasra Zonhoven agus an líne táirgeachta ábhartha a dhúnadh na teagmhais is cúis leis na hiomarcaíochtaí san earnáil innealra; de bhrí gurb é an chúis atá le scor den táirgeadh ná an laghdú géar ar an éileamh ar radaitheoirí painéil san Aontas, rud a bhaineann leis an éileamh méadaitheach ar chórais mhalartacha téimh, amhail teaschaidéil agus córais ísealteochta, mar thoradh ar phraghsanna gáis atá ag ardú a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus éifeachtaí iarmhartacha ar chaiteachas tomhaltóirí chomh maith le dícharbónú foirgneamh agus tionscail chun tomhaltas fuinnimh a laghdú;  de bhrí gur dífhostaíodh 114 dhuine mar thoradh air sin;

G. de bhrí gur in Lanaken (83 %) agus in Zonhoven (27 %) atá formhór na n-oibrithe iomarcacha, mar sin is é cúige Limburg i bhFlóndras an chríoch a ndéanann na hiomarcaíochtaí difear di. de bhrí go bhfuil margaí saothair Lanaken agus Zonhoven faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le Limburg ina iomláine nó le Flóndras; de bhrí gurb é 49 % in Lanaken agus 55 % in Zonhoven an cóimheas idir an pobal infhostaithe agus an líon post atá ar fáil, is é sin idir 19 agus 13 phointe céatadáin níos ísle ná mar atá in Limburg (68 %) agus idir 24 agus 18 bpointe céatadáin níos ísle ná mar atá i bhFlóndras (73 %); de bhrí gurb é 4.5 an cóimheas idir cuardaitheoirí poist agus folúntais in Lanaken agus sa cheantar máguaird, Maasland (thart ar dhá oiread an chóimheasa i bhFlóndras); de bhrí go raibh tionchar diúltach freisin ag teagmhas athstruchtúraithe san Ísiltír ar mhargadh saothair Maasland, áit ar thuairiscigh monaróir gluaisteán na hÍsiltíre VDL gur cailleadh thart ar 2 000 post ón 1 Márta 2024 ina ghléasra táirgthe in Born, ar oibrithe trasteorann iad 700 díobh a bhí ina gcónaí in Maasland.

H. de bhrí gur chuir an Bheilg in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán CED; de bhrí go bhfuil ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta i bhFlóndras (VDAB) ar gach leibhéal;

I. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027;

dá bhrí sin, iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chomhtháthú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag meabhrú gurb é cuspóir CED dlúthpháirtíocht le tairbhithe a léiriú agus tacú leo; á mheas gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm dóibh tairbhithe a lánpháirtiú go mear i bhfostaíocht atá cuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibrithe a ullmhú agus tacú leo sna haistrithe glasa agus digiteacha gheilleagar agus shochaí na hEorpa, a bhfuil géarghá leo; ag athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, an róil thábhachtaigh atá ag an Aontas, lena n-áirítear trí CED, maidir le rannchuidiú le maoiniú na gcáilíochtaí is gá don aistriú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

2. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2)(c), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Bheilg i dteideal EUR 2 704 135 de ranníocaíocht airgeadais iarrtha a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 60 % den chostas iomlán de EUR 1 173 559, (a chuimsíonn EUR 1 126 559 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 47 000 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe); á mheabhrú, i gcomhréir le Rialachán CED, go bhfuil an Bheilg i dteideal uasráta cómhaoinithe 85 % den chostas iomlán;

3. ag tabhairt dá haire gur chomhlíon na fiontair a rinne oibrithe a dífhostú dlí na Beilge maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna, lena mbunaítear nós imeachta sainordaitheach maidir le hionadaithe na n-oibrithe a chur ar an eolas agus maidir le dul i gcomhairle leo. á chur in iúl gur geal léi gur thuairiscigh an Bheilg gur cuireadh tús leis na chéad seisiúin faisnéise do na hoibrithe an 26 Nollaig 2023 agus gur lean na haonaid fostaíochta díreach tar éis na n-iomarcaíochtaí agus gur eagraigh VDAB aonach post in Lanaken cheana féin an 13 Márta 2024, d'iar-oibrithe Sappi agus Purmo, agus ghlac thart ar 20 fiontar páirt ann;

4. ag cur sonrú i bpróifíl na n-oibrithe iomarcacha, a bhfuil aon trian díobh 55 bliana d'aois nó níos sine agus a bhfuil leibhéal íseal oideachais ag 30 % díobh, agus á mheas, mar aon leis an treocht anuas maidir le folúntais agus dáileadh geografach na bhfolúntas sin, go mbeidh gá le tacaíocht shaincheaptha bhreise le haghaidh na n-oibrithe chun cabhrú leo an t-aistriú chuig an bhfostaíocht a bhaint amach;

5. á chur i bhfáth, maidir leis na bearta a gheobhaidh tacaíocht ó CED, gur dheimhnigh an Bheilg nach bhfaighidh siad aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;

6. ag tabhairt dá haire gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar do na hoibrithe ná na bearta seo a leanas: (a) Comhairleoir Idirghabhála Sóisialta (SIA), (b) treoir, comhairleoireacht, agus treoshuíomh gairmiúil, (c) tacaíocht ghníomhach i gcuardach poist, (d) oiliúint, athoiliúint agus gairmoiliúint, agus (e) oiliúint san ionad oibre; á chur i bhfáth, i bhfianaise aois agus phróifíl oideachais na dtairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, gur cheart riachtanais shonracha na ngrúpaí sin a chur san áireamh agus seirbhísí pearsantaithe á soláthar;

7. á chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá Airteagal 7.2 de Rialachán CED, lena gceanglaítear go mbeidh pacáiste comhordaithe ann chun na peirspictíochtaí agus na scileanna riachtanacha sa mhargadh saothair amach anseo a réamh-mheas, ar nithe iad atá i gcomhréir leis an aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus lena ndíreofar go háirithe ar leathadh na scileanna a theastaíonn sa ré dhigiteach thionsclaíoch; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear i dtacaíocht chaighdeánach VDAB d'oibrithe iomarcacha uirlisí digiteacha agus oiliúint i scileanna digiteacha chomh maith leis na scileanna a theastaíonn i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní;

8. ag meabhrú na féidearthachta atá ann le haghaidh bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo laistigh den phacáiste comhordaithe lena n-áirítear, *inter alia*, liúntais cúraim leanaí a íoc, mar a fhoráiltear in Airteagal 7.2 b de Rialachán CED, chun rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist sna gníomhaíochtaí atá beartaithe a éascú.